<u>'Spás' le Mícheál Ó Ruairc</u> - Achoimre

Tá Pádraigín ina suí sa rang ar scoil **ag caoineadh**. **Lig sí osna** agus í **ag smaoineamh ar a cuid fadhbanna.** Tá sí sé bliana déag d'aois agus ag staidéar dá scrúduithe. Tá a lán brú uirthi sa bhaile agus ar scoil. Rugadh a deartháir óg trí mhí ó shin agus anois caithfidh sí seomra a roinnt lena deirfiúr óg. Bhí **príobháideacht** aici roimhe seo, ach anois caithfidh sí cur suas le Playstation glórach Aoife. **Níor réitigh sí le hAoife.**

Tharla athruithe móra i saol Pádraigín **le déanaí**. Tá a tuismitheoirí **ródhian uirthi** mar tá siad ag iarraidh uirthi níos mó staidéir a dhéanamh. Tá brú uirthi freisin ar scoil. Bhog an múinteoir staire í **ó bhun an ranga go barr an ranga** mar bhí sí **ag brionglóideach** an t-am ar fad. Bhí sí ag féachaint amach an fhuinneog agus ní raibh sí ag éisteacht leis an mhúinteoir. Anois, níl aon spás aici sa bhaile ná ar scoil. Tá a saol **ina chíor thuathail.**

Bhuail sí le buachaill dárbh ainm Diarmaid sa samhradh nuair a bhí sí ag fanacht lena Mamó. **Buachaill cneasta a bhí ann.** Chuir a tuismitheoirí stop léi ag scríobh chuige agus **ní ligeann siad di** am a chaitheamh i dteach a Mamó anois.

Ag deireadh an scéil, **rinne sí rún daingean.** Shocraigh sí scríobh chuig Mamó - Déarfaidh sí gur mhaith léi mí a chaitheamh léi faoin tuath. Ba mhaith léi am a chaitheamh le Mamó agus le Diarmaid freisin. Bheadh spás aici ar deireadh.